Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Deireadh Fómhair 2020 (OR. en)**

**10962/20**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0130(NLE)**

**CLIMA 211**
**ENV 534**
**ENER 327**
**IND 166**
**COMPET 452**
**MI 381**
**ECOFIN 878**
**TRANS 441**
**AELE 67**
**CH 27**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10470/20 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9256/20 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le leasú Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gComhaontú agus leis na Caighdeáin Theicniúla a Nascadh a ghlacadh<br>— Glacadh |

1. An 10 Samhain 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2017/2240 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe[1]. Síníodh an Comhaontú an 23 Samhain 2017.

[1] IO L 322, 7.12.2017, lch. 1.

2. Rinne an tAontas an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh ("an Comhaontú") a thabhairt i gcrích le Cinneadh ón gComhairle (AE) 2018/219[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020.

3. Le hAirteagal 12 den Chomhaontú, bunaítear Comhchoiste a bheidh freagrach as cur chun feidhme an Chomhaontaithe. I gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Chomhaontú, féadfaidh an Comhchoiste na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a leasú. De bhun Airteagal 3(7) den Chomhaontú, ba cheart go ndéanfaidh riarthóir chlárlann na hEilvéise agus riarthóir lárnach an Aontais na Caighdeáin Theicniúla a Nascadh a fhorbairt, bunaithe ar na prionsabail a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú.

4. An 23 Meitheamh 2020, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le leasú Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gComhaontú agus leis na Caighdeáin Theicniúla a Nascadh a ghlacadh[3].

5. An 16 Iúil 2020, scrúdaigh an Mheitheal um an gComhshaol an togra ón gCoimisiún. Bunaithe ar an bplé a rinneadh sa Mheitheal um an gComhshaol agus ar bharúlacha na dtoscaireachtaí, d'ullmhaigh an Uachtaránacht togra comhréitigh arna chomhaontú ag an Meitheal um an gComhshaol an 9 Meán Fómhair, tar éis nós imeachta neamhfhoirmiúil an tosta[4].

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh go nglacfaidh an Chomhairle, mar ítim "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste, a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le leasú Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gComhaontú agus leis na Caighdeáin Theicniúla a Nascadh a ghlacadh[5].

---

[2] IO L 43, 16.2.2018, lch. 1.
[3] 9256/20 + ADD 1
[4] 10470/20
[5] 10679/20 (Cinneadh ón gComhairle) agus 10836/20 (dréacht-Chinneadh ón gComhchoiste).

7. Déanfar téacs an Chinnidh ón gComhairle a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa mar fhaisnéis i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.